BHUEL! FEABHRA 2012

© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Tradfest 2012
8 – 12 Feabhra

Dé Céadaoin:
1:05pm - Ceolchoirm le Mary Mitchell, Connie O'Connell, Karl Nesbitt agus Eibhlín de Paor sa tSeomra Caidrimh, Áras Uí Ráthaille.

Déardaoin:
Seoladh agus Seisiún le hAoife Ní Ghrainbhéil sa *Gables*.

5pm – Léacht "Transforming Carolan" le Sandra Joyce, Roinn an Cheoil.

Dé hAoine:
1:05pm - Ceolchoirm le *Tarab* san Aula Max .

2pm – Ceolchoirm i gCaifé Oasis

9.00pm – Cath na mBannaí agus Dioscó Traidisiúnta i Cyprus Avenue.

Dé Sathairn:
15:00pm - Turas na dTithe Tábhairne; An Spailpín Fánach, Tigh an Chúinne agus An Bodhrán

17:00pm - Turas na dTithe Tábhairne; Sin É, an tigh tábhairne *The Ovens Bar* agus
tigh tábhairne Uí Chuanacháin.

8:30pm – Ceolchoirm le Martin O' Connor, Cathal Hayden agus Séamie O' Dowd sa *Crane Lane*. Cead Isteach: €15

Tuilleadh eolais le fáil ar an idirlíon ag: http://www.ucctradsoc.com/

Bígí linn!

Aontas Na Mac Léinn

Focal leis an Oifigeach Gaeilge

Is mise Réamonn Ó Braonáin, Oifigeach na Gaeilge, Aontas na Mac Léinn i mbliana. Is mac léinn dara bliana mé. Tá céim sna hEalaíona - sa Ghaeilge agus sa Spáinnis, idir lámha agam. Cuirim an Ghaeilge agus an cultúr a bhaineann léi chun cinn ar an gcampas trí imeachtaí agus feachtais a eagrú. Is ionadaí na mac léinn ar Bhord na Gaeilge mé chomh maith. Is iad na dualgais atá ar an mbord seo ná moltaí maidir leis an teanga a thabhairt do bhord rialaithe na hollscoile, mar shampla, moltaí a bhaineann le cúrsaí Gaeilge, cúrsaí traenála don fhoireann agus úsáid na teanga san ollscoil i gcoitinne.

Tá sé ar intinn agam feachtas a eagrú a léireoidh na cearta teanga atá ag gach éinne san ollscoil, mar shampla úsáid na Gaeilge san ollscoil, sna bainc,sna siopaí srl., na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge san ollscoil agus go ginearálta. Táim ag tnúth go mór le Seachtain na Gaeilge i mí an Mhárta chomh maith. Beidh mé ag cabhrú leis an gCuallacht agus leis na cumainn ghaelacha eile san ollscoil chun imeachtaí a eagrú. Táim cinnte go mbeimid ag ceiliúradh ar feadh na coicíse!

Bhain mé an-taitneamh as mo chéad téarma mar oifigeach Gaeilge. Má tá sé ar intinn ag éinne cur isteach ar an bpost seo beidh toghchán Aontas na Mac Léinn ar siúl i mí Feabhra. Mholfainn go mór daoibh cur isteach air!

Má tá aon mholtaí ag éinne maidir le cursaí Gaeilge nó má tá cabhair ag teastáil ó éinne imeachtaí a eagrú bí i dteagmháil liom ag gaeilge@uccsu.ie

Imbolc 2012

Ionad Cultúrtha, Baile Bhúirne,Co. Chorcaí.
Dé Sathairn 18 Feabhra 2012

20:30 Ceolchoirm le Liam Ó Maonlaí Dé hAoine 17 Feabhra €15

09:30 - 10:00 Clárú
10:00 - 10:30 Feargal Ó Móráin, stiúrthóir le hEnterprise Ireland
10:30 - 11:00 Úna Ó Boyle, saineolaí fichille, údar, is ceoltóir
11:00 - 11:30 SOS
11:30 - 12:00 Annraoi de Paor, Ollamh Emeritus le hInnealtóireacht, UCD
12:00 - 12:30 Eoghan Mac Giolla Bhríde, stiúrthóir scannán is údar
12:30 - 14:00 LÓN
14:00 - 14:30 Darach Ó Murchú, sléibhteoir domhanda is teagascóir
14:30 - 15:00 Diarmaid de Búrca, réaltfisiceoir le NUIG
15:00 - 15:30 SOS
15:30 - 16:00 Geraldine Kelly, bean chabhrach le Medecins Sans Frontieres
16:00 - 16:30 Liam Ó Maonlai, ceoltóir den chéad scoth

Ticéid = €25 ach €15 = mic léinn, seanóirí, daoine dífhostaithe

Tuilleadh Eolais:
http://www.imbolc.ie

Scoláireachtaí Gaeltachta 2012

'An tseachtain is fearr riamh i mo shaol.' **John**

'Bhí sé ar fheabhas.' **Eric**

'Chaitheamar seachtain iontach sa ghaeltacht i gCiarraí, mholfainn d'aon mhac léinn é.' **Evelyn**

'Deis iontach atá ann, go háirithe do dhaoine nach mbíonn an deis acu Gaeilge a labhairt de ghnáth agus bhí an áit go hálainn.' **Rónán**

Tar go dtí G.01 san ORB aon lá idir **20/02/'12 – 23/02/'12.** Ná caill do sheans, bí linn!!!

An Chuallacht um Dheabhóid Dhiaga agus Disciplín na Sacraimintí
Coiste *Sapienti*

PREASRÁITEAS

4 Feabhra 2012
Gan Lánchosc
Eisiúint: Láithreach

Tús:

"Ba i gCnoc Mhuire, Co. Mhaigh Eo, idir 1-4 Feabhra 2012, a tionóladh an ceathrú cruinniú den Choiste *Sapienti*.

Comhlacht comhairleach is ea an Coiste seo don Chuallacht um Dheabhóid Dhiaga agus Disciplín na Sacraimintí maidir le téacsanna liotúirgeacha sa Ghaeilge. Faoi láthair tá sé ag plé le hathbhreithniú ar an aistriúchán Gaeilge ar an *Missale Romanum* atá molta.

I láthair ag an gcruinniú bhí: Mícheál Ó Nearaigh, Ard-Easpag Thuama, Pilip Ó Buaidhe, Easpag Rath Bhoth, Breandán Ó Ceallaigh, Easpag Achadh Chonaire, an tOllamh Pádraig Ó Riain, an Dr. Caitríona Ó Dochartaigh, an tAth. Joseph Briody, an tAth. Mícheál Ó Loingsigh, Brian Ó Donnchadha, agus Mons. James O'Brien.

Ghabh an Cairdinéal Antonio Canizares Llovera, Maor na Cuallachta um Dheabhóid Dhiaga agus Disciplín na Sacraimintí, buíochas le baill an Choiste as a gcuid oibre. Ghabh sé buíochas ar leith leis an Ard-Easpag Ó Nearaigh as a thiomantas don tionscadal seo, leis an gCairdinéal Mac Brádaigh agus le Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann as a gcuid tacaíochta tréadaí le haghaidh úsáid liotúirgeach na Gaeilge.

Ar chlár an chruinnithe ag an gCoiste, bhí an t-athbhreithniú ar an aistriúchán atá mólta do Thréan na Cásca agus do Thráth na Cásca. Anuas air sin, rinneadh athbhreithniú ar na téacsanna agus ar na dílis don Tráth le Linn na Bliana (Domhnaí 24-34) mar aon le féilire an Leabhair Aifrinn.

D'aithin an Coiste, mar is gnáth, an t-ardchaighdeán ar an aistriúchán atá molta ar na téacsanna, téacsanna nach raibh ach mionathruithe le déanamh orthu den chuid ba mhó ar mhaithe le leanúnachas agus d'fhonn cloí le treoracha *Liturgiam authenticam*

Ábhar sásaimh don Choiste ab ea é go bhfuil an *Ordo Missae* mar aon le dílis na hAidbhinte agus na Nollag, arna bhfaomhadh ag an gCuallacht, i gcló i bhfoirm shealadach agus go raibh siad ar fáil don chéad Domhnach den Aidbhint. Tháinig an t-aistriúchán nua i mBéarla ar an *Missale Romanum* i bhfeidhm ar an lá céanna.

Is oth leis an gCoiste a rá nach bhfuil na blúirí den aistriúchán Gaeilge (dílis Dhomhnaí 1-11 den Tráth le Linn na Bliana agus dílis an Charghais), a d'fhaomh an Chuallacht um Dheabhóid Dhiaga i mí na Samhna 2011, i gcló go fóill. Tugann an Coiste gach spreagadh ina leith seo i dtreo is gur féidir leo siúd atá freagrach as na téacsanna a fhoilsiú, é sin a dhéanamh go tráthúil. Tá súil aige chomh maith go mbeidh na téacsanna (go háirithe téacsanna an Charghais agus na Cásca) ar fáil do lucht na Gaeilge ar bhonn *pari passu* leis an leagan Béarla nua.

Chuir an Coiste a fhíorbhuíochas in iúl do bhainisteoir agus d'fhoireann Óstán Theach Chnoc Mhuire as a gcuid flaithiúlachta agus gairmiúlachta fad is a bhí an cruinniú ar siúl.

Dearbhaíodh go gcuirfí an cúigiú cruinniú den Choiste ar siúl sa Róimh i mí Bealtaine 2012."

Críoch.

Teagmháil: An tAth. Joseph Briody, Rúnaí, Teil. 074-9138011

Cúrsa i mBunscileanna an Aistriúcháin

- Beidh **cúrsa aistriúcháin (Gaeilge agus Béarla) á reáchtáil ag Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile Corcaigh**. Cúig seachtaine (10 u.a.c.) a bheidh i gceist leis an gcúrsa seo. Tosnóidh sé **Dé Céadaoin 15 Feabhra 2012** agus beidh sé ar siúl **idir 17:00 agus 19:00** i seomra **G.01, Áras Uí Rathaille** gach Céadaoin go dtí 14.03.12.

- Déanfar iniúchadh sa chúrsa seo ar aistriú téacsanna éagsúla, ina measc, tuarascálacha, litríocht, treoracha, téacsleabhair scoile srl.

- Féachfar ar mhionphointí gramadaí a bhaineann go dlúth le ceird an aistriúcháin.

- Pléifear cúrsaí stíle, mar shampla béarlachas!

- Tabharfar léargas chomh maith ar na foinsí atá ar fáil don aistritheoir, go háirithe iad san atá ar-líne.

- Beidh **ardchaighdeán Gaeilge** idir scríobh agus labhairt ag rannpháirtithe an chúrsa seo.

- Táille €60 a bheidh ar an gcúrsa (€45 mar ráta ar leith).

- Más mian leat clárú don gcúrsa seo tabhair d'ainm d'Oifig na Gaeilge Labhartha @ 021-4902314. **Is féidir teagmháil a dhéanamh le Brian féin ag an uimhir 021-4903105 nó brianod@ucc.ie má tá tuilleadh eolais uait.**

Brian Ó Donnchadha,
Teagascóir-Aistritheoir,
Ionad na Gaeilge Labhartha,
Coláiste na hOllscoile Corcaigh,
www.ucc.ie/igl/aistriu

CLÁR FÓGRAÍ

Gradam na Gaeilge

Duais €1000

Ar oscailt do mhic léinn cláraithe uile na hOllscoile
Do mhic léinn a dheineann a seacht ndícheall chun an Ghaeilge a chur chun cinn

Eolas ar fáil:
Oifig na Gaeilge Labhartha
Seomra G02
Áras Uí Rathaille

Dáta deireanach le cur isteach ar an nGradam:
Dé hAoine 16 Márta 2012

Teil: 021-4902314
Facs: 021-4903329
Post L: g.labh@ucc.ie

Urraithe ag Banc na hÉireann

Comórtas

Ainmnigh an cumann a bhíonn i mbun *Tradfest* gach bliain?

Dearbhán **€30** (An Post) an duais!

Seol do fhreagra a, b nó c chugam ag n.deburca@ucc.ie nó cuir do fhreagra go hOifig na Gaeilge Labhartha faoin 24 Feabhra.

Ná Caill

Léachtaí Poiblí 2012

♣ Dé Máirt 14 Feabhra
5pm, G01, ÁUR
"*TG4 @ 15 / na cinní a mhúnlaigh TG4 thar 15 bliana*"
Pádhraic Ó Ciardha
Leas-Cheannasaí TG4

♣ Dé Máirt 28 Feabhra
5pm, G01, ÁUR
""*An Ghaeilge agus an Leigheas á gcleachtadh le chéile*"
Colm Henry

♣ Dé Máirt 6 Márta
5pm, G01, ÁUR
"*An Dearcadh Aduaidh: Peirspictíochtaí Protastúnacha ar an Ghaeilge* "
Ian Malcolm

Breis eolais:
021-4903529 / 4902314

Fáilte roimh chách

Eagarfhocal

Más mian le héinne píosa eolais, alt, scéilín nó dán a scríobh don chéad eagrán eile cuir do phíosa go hOifig in Ionad na Gaeilge Labhartha nó cuir ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie